AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.1.2024
COM(2024) 33 final

ANNEX 1

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an togra le haghaidh**

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 2005/44/CE maidir le seirbhísí faisnéise tráchta abhann (RIS) comhchuibhithe ar uiscebhealaí intíre sa Chomhphobal**

{SEC(2024) 38 final} - {SWD(2024) 15 final} - {SWD(2024) 16 final}

## IARSCRÍBHINN I

**‘IARSCRÍBHINN I**

**ÍOSCHEANGLAIS MAIDIR LE SONRAÍ**

Dá dtagraítear in Airteagal 4(3), pointe (a), soláthrófar na sonraí seo a leanas go háirithe:

- ais uiscebhealaigh lena ngabhann tásc ciliméadair;
- srianta le haghaidh soithí nó conbhuanna i dtéarmaí faid, leithid, doimhneacht snámha agus airde os cionn an uisce;
- réanna oibrithe a ghabhann le struchtúir shriantacha, go háirithe loic agus droichid;
- agaí feithimh atá ann faoi láthair agus lena bhfuil coinne ag droichid, loic agus calafoirt intíre;
- suíomh calafort agus láithreán trasloingsithe;
- sonraí tagartha le haghaidh tomhais uisceleibhéil atá ábhartha maidir le loingseoireacht.

Beidh an fhaisnéis a sholáthrófar cothrom le dáta agus léireoidh sí an cás fíor-ama.’